Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Meán Fómhair 2025 (OR. en)**

**12644/25**

**RECH 378**
**ATO 71**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11169/25 + ADD 1 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le haontachas an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) leis an gCreat-Chomhaontú nua le haghaidh comhar idirnáisiúnta ar thaighde agus forbairt i ndáil le Córais Ghlúin IV don Fhuinneamh Núicléach<br>- Glacadh |

1. An 2 Iúil 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle[1] maidir le haontachas an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) leis an gCreat-Chomhaontú nua le haghaidh comhar idirnáisiúnta ar thaighde agus forbairt i ndáil le Córais Ghlúin IV don Fhuinneamh Núicléach.

2. Tar éis don Mheitheal um Thaighde (Ceisteanna Adamhacha) scrúdú a dhéanamh ar an togra, a tugadh chun críche an 2 Meán Fómhair 2025, dearbhaíodh gur thacaigh tromlach cáilithe na dtoscaireachtaí leis an téacs le haghaidh an Chinnidh ón gComhairle. Chuir na toscaireachtaí ón Ostair agus ó Lucsamburg in iúl go bhfuil siad i gcoinne an Chinnidh seo.

[1] 11169/25.

3. Dá bhrí sin, moltar do Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a mholadh don Chomhairle:

- an Cinneadh ón gComhairle lena bhformheastar aontachas an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) leis an gCreat-Chomhaontú nua le haghaidh comhar idirnáisiúnta ar thaighde agus forbairt i ndáil le Córais Ghlúin IV don Fhuinneamh Núicléach, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 12643/25 é, a ghlacadh mar mhír 'A', trí thromlach cáilithe, agus na toscaireachtaí ón Ostair agus ó Lucsamburg ag vótáil ina choinne.
- a iarraidh go bhfoilseofaí an Cinneadh ón gComhairle in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.